# RABHADH

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfidh tú marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**


| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ceisteanna | | Marc | Scrúdaitheoir | Scrúdaitheoir Comhairleach |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| Marc Iomlán | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Caillfidh tú marcanna mura gcuireann.

**1. BOLCÁIN**




Curtha in oiriúint ó www.bbc.co.uk

Scrúdaigh an léaráid de bholcán thuas.
Ainmnigh gach ceann de ghnéithe an bholcáin lipéadaithe **A**, **B** agus **C**.

**A.** ________________________________

**B.** ________________________________

**C.** ________________________________

**2. CREATHANNA TALÚN**

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tosaíonn crith talún **ag an eipealár** / **ag an bhfócas**.

(ii) Tá Éasc San Andreas i **Meiriceá Thuaidh** / **Meiriceá Theas**.

(iii) Tomhaistear méid crith talún le **sruthanna comhiompair** / **scála Richter**.

## 3. OLLGHLUAISEACHT




Curtha in oiriúint ó www.geograp.org.uk




Curtha in oiriúint ó www.monasset.com




Curtha in oiriúint ó www.ticotimes.net




Curtha in oiriúint ó www.ukgeoghazards.info

Meaitseáil gach ceann de na fótagraif **A**, **B**, **C** agus **D** thuas leis an gcineál ollghluaiseachta is fearr a mheaitseálann é sa tábla thíos. Tá meaits amháin déanta duit.

| **Cineál Ollghluaiseachta** | **Litir** |
|---|---|
| Láibshreabhadh | **D** |
| Sciorradh talún | |
| Brúchtadh portaigh | |
| Ithirthéaltú | |

**4.** **SÍONCHAITHEAMH**



Curtha in oiriúint ó www.summitpost.org

Scrúdaigh an fótagraf thuas agus cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa tírdhreach a thaispeántar san fhótaghraf ná **screathan** / **pábháil aolchloiche**.

(ii) Cruthaítear an tírdhreach a thaispeántar san fhótagraf **mar thoradh ar ghníomhaíocht reo is coscartha** / **mar thoradh ar charbónáitiú**.

(iii) **Síonchaitheamh ceimiceach** / **síonchaitheamh meicniúil** is mó a luaitear leis an tírdhreach seo.

**5.** **CARRAIGEACHA**


Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Column X** | |
|---|---|
| A | Gaineamhchloch |
| B | Marmar |
| C | Eibhear |
| D | Grianchloichít |

| **Column Y** | |
|---|---|
| 1 | Sléibhte Chill Mhantáin, Co Chill Mhantáin |
| 2 | Conamara, Co na Gaillimhe |
| 3 | Na Cruacha Dubha, Co Chiarraí |
| 4 | Cruach Phádraig, Co Mhaigh Eo |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | |
| D | **4** |

6. **ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA**




Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann astaíochtaí gás ceaptha teasa na hÉireann de réir earnála.

Cuir in iúl cé acu **trí cinn** de na ráitis a leanas atá fíor agus tic (✓) á chur agat sa bhosca ceart.

1. Is í an tionsclaíocht is cúis leis an gcuid is mó d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.
2. Is iad fuinneamh agus talmhaíocht le chéile is cúis le os cionn leath na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa.
3. Iompar is cúis le 5% d'astaíochtaí gás ceaptha teasa.
4. Tá astaíochtaí gás ceaptha teasa ón tionsclaíocht agus ón mbaile le chéile níos mó ná an méid acu a thagann ón talmhaíocht.
5. Tagann níos mó astaíochtaí gás ceaptha teasa ó sheirbhísí ná mar a thagann ó iompar.

| | |
|---|---|
| 1, 2, 3 | ☐ |
| 1, 4, 5 | ☐ |
| 2, 3, 5 | ☐ |
| 2, 4, 5 | ☐ |

**FREAGAIR 7A NÓ 7B**

**7A. OIGHRIÚCHÁN**



Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa ghné san fhótagraf ná **coire** (**soirc**) / **droimnín**.

(ii) Gné a bhaineann le **sil-leagan oighreach** / **oighearchreimeadh** atá sa ghné san fhótagraf.

(iii) An próiseas (na próisis) trínar cruthaíodh an ghné seo ná **tuaslagadh** / **sracadh agus scríobchaitheamh**.

**NÓ**

**7B. CÓSTAÍ**




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa ghné lipéadaithe **X** san fhótagraf ná **gob gainimh** / **tombaló**.

(ii) Is é atá sa ghné lipéadaithe **X** ná gné a bhaineann le **creimeadh cósta** / **sil-leagan cósta**.

(iii) Cruthaíodh an ghné seo **mar thoradh ar shíobadh feadh cladaigh** / **mar thoradh ar ghníomhú hiodrálach**.

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

## 8A. IONSTRAIMÍ AIMSIRE

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Ainéimiméadar |
| B | Taifeadán Campbell-Stokes |
| C | Baraiméadar |
| D | Scáthlán Stevenson |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Ionstraim a úsáidtear chun brú an atmaisféir a thomhas. |
| 2 | Ionstraim a úsáidtear chun fothain a thabhairt do threalamh aimsire. |
| 3 | Ionstraim a úsáidtear chun luas na gaoithe a thomhas. |
| 4 | Ionstraim a úsáidtear chun taitneamh na gréine a thaifead. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | **1** |
| D | |

**NÓ**

## 8B. IMIRCE

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.


| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Inimirceach |
| B | Eisimirceach |
| C | Toisc bhrú |
| D | Toisc tharraingthe |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Deiseanna maithe fostaíochta. |
| 2 | Duine a théann ar imirce as áit. |
| 3 | Cogadh agus corraíl. |
| 4 | Duine a théann ar imirce go háit. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | **3** |
| D | |

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. AN DAONRA**




Scrúdaigh léarscáil an domhain thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cad is ainm don tír lipéadaithe **A**? ______________________________

(ii) Cad is ainm don tír lipéadaithe **B**? ______________________________

(iii) An bhfuil an ráta básmhaireachta leanaí ard nó íseal i dTír **B**?

______________________________

**NÓ**

**9B. FEIRMEOIREACHT**

Córas le hIonchuir, Próisis agus Aschuir atá san fheirmeoireacht.

Sa bhosca thíos, cuir ciorcal thart ar **thrí** Ionchur ar fheirm.

| | | |
|---|---|---|
| Baint an Fhómhair | Caipiteal | Cáis |
| Saothar | Treabhadh | Tarracóir |
| Síolchur | Olann | Crú |

**10.** **PATRÚIN LONNAÍOCHTA**

Cuir in iúl cé acu **trí cinn** de na ráitis a leanas atá fíor agus tic (✓) á chur sa bhosca ceart agat.

1. Baineann tithe feirme scoite le patrúin lonnaíochta scaipthe.
2. Is sampla é eastát tithíochta de phatrún lonnaíochta líneach.
3. Tá patrún lonnaíochta scaipthe coitianta i mbailte agus i gcathracha.
4. Tugtar lonnaíocht núicléatach freisin ar lonnaíocht chnuasta.
5. Tarlaíonn patrún líneach nuair a thógtar tithe i líne le taobh an bhóthair.

1, 2, 3 ☐

1, 4, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

**11.** **GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**








Curtha in oiriúint ó www.en.wikipedia.org, www.kyyba.com, www.esa.int

Scrúdaigh na fótagraif thuas.
Cuir in iúl an do ghníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil, thánaisteach nó threasach a sheasann gach ceann de na fótagraif **A**, **B** agus **C**.

**A**. ________________________________

**B**. ________________________________

**C**. ________________________________

**12.** **BAILTE SEANTÁN**

Cuir in iúl cé acu **trí** cinn de na ráitis a leanas atá fíor agus tic (✓) á chur agat sa bhosca ceart.

1. Sampla de phleanáil uirbeach é baile seantán.

2. Bíonn rátaí breithe ard i mbailte seantán.

3. Tugtar bustaithe ar na bailte seantán in Calcúta.

4. Fadhbanna móra i mbailte seantán iad easpa uisce ghlain agus drochshláintíocht.

5. Ceantair le dlús íseal daonra iad bailte seantán.

1, 2, 3 ☐

1, 3, 5 ☐

2, 3, 4 ☐

2, 4, 5 ☐

**13.** **SCAMAILL**



Curtha in oiriúint ó www.en.wikipedia.org

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) An cineál scamaill a thaispeántar san fhótagraf ná **ciorras** / **cumalas**.

(ii) Faightear an cineál scamaill a thaispeántar san fhótagraf ag airde **bheag** / **mhór**.

(iii) Luaitear na scamaill seo le **haimsir bhreá** / **ceathanna troma**.

**14. LÉARSCÁILEANNA AIMSIRE**

Is é a thugtar ar línte ar léarscáil aimsire a cheanglaíonn áiteanna arb ionann an fliuchras iontu ná:

Línte chomhghriandachta ☐

Isiteirmeacha ☐

Línte comhluais ☐

Isihiaití ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**15. UIRBIÚ – CINEÁLACHA FOIRGNEAMH**

I mBaile Átha Cliath agus i gceantair eile, cén tréimhse inar tógadh tithe móra de bhrící le ráillí d'iarann saoirsithe agus doirse le háirsí stuacha?



Curtha in oiriúint ó mapio.net

Ceilteach ☐

Seoirseach ☐

Lochlannach ☐

Normannach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**16. LONNAÍOCHT**

An phríomhfheidhm atá le lonnaíocht eaglasta ná:

Tionsclaíocht ☐

Caitheamh Aimsire ☐

Cónaí ☐

Reiligiún ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**.  Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | W 305 704 |
| B | W 295 668 |
| C | W 337 663 |
| D | W 320 655 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Stáisiún Gardaí |
| 2 | Spotairde |
| 3 | Tearmann Dúlra |
| 4 | Tuama Meigiliteach |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | **2** |
| D | |

**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas chun a chur in iúl cé acu atá sé fíor nó bréagach i ngach cás.

(i) Bóthar náisiúnta den dara grád é an N22. **Fíor** / **Bréagach**

(ii) Achar iomlán an limistéir ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis ná 120 km². **Fíor** / **Bréagach**

(iii) Tá Drom Caoin (*Dromkeen*) (W 31 69) ó thuaidh ó Bhéal an Átha (*Ballina*) (W 31 67). **Fíor** / **Bréagach**

**19.** **AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tá an droichead le fáil:

| | |
|---|---|
| Sa chúlra ar dheis | ☐ |
| I lár an tulra | ☐ |
| Sa lár ar dheis | ☐ |
| Sa lár | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20.** **AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Tá formhór na gcrann sa tulra ar dheis **duillsilteach** / **buaircíneach**.

(ii) Is é is dóichí ná gur tógadh an aerfótagraf seo **sa gheimhreadh** / **sa samhradh**.

(iii) An phríomh-thalamhúsáid sa chúlra ar chlé ná **talmhaíocht** / **tionsclaíocht**.

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

**Leathanach Bán**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2017

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE 9 MEITHEAMH – MAIDIN 9:30 – 11:30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

| ROINN 2 (90 marc) |
|---|
| Freagair **TRÍ** cheist ar bith. |
| Tá na ceisteanna uile ar cómharc. |

### Ceist 1. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA

**A. Turasóireacht**

1. Limistéir lán d'Áilleacht Nádúrtha




Curtha in oiriúint ó www.Irishcentral.com

2. Imeallbhoird agus Tránna



Curtha in oiriúint ó www.en.wikipedia.org

3. Caitheamh Aimsire agus Spóirt



Curtha in oiriúint ó www.link2Ireland.com

4. Cathracha



Curtha in oiriúint ó www.independent.ie

(i) Roghnaigh ceann **amháin** de na ceithre réigiúin turasóireachta thuas agus ainmnigh sampla amháin ar leith in Éirinn den réigiún turasóireachta seo.

(ii) Mínigh cúis **amháin** a mealltar turasóirí go dtí an réigiún turasóireachta in Éirinn a d'ainmnigh tú i gcuid (i) thuas.

(iii) Déan cur síos ar iarmhairt dhearfach geillegrach **amháin** atá ag an turasóireacht.

(iv) Déan cur síos ar iarmhairt dhiúltach **amháin** atá ag an turasóireacht ar an gcomhshaol.

(10)

**B. Iascaireacht**

(i) Mínigh **dhá** chúis atá le róshaothrú éisc.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bheart a úsáidtear chun cosc a chur le róshaothrú éisc.

(10)


**C. Suíomh Tionscail**

Tabhair cur síos agus míniú ar **thrí** chúis gur athraigh suíomh thionscal an iarainn agus na cruach sa Bhreatain le himeacht aimsire.

(10)

**Ceist 2. AIBHNEACHA AGUS GNÍOMHAÍOCHT AN DUINE**

**A. Aibhneacha**




Curtha in oiriúint ó www.3dgeography.co.uk

Taispeánann an léaráid thuas trí chéim abhann.

(i) Ainmnigh gach ceann de na **trí** chéimeanna **A**, **B** agus **C**.

(ii) Ainmnigh gné **amháin** a chruthaítear mar thoradh ar chreimeadh abhann agus, le léaráid lipéadaithe mar chúnamh agat, mínigh conas a foirmíodh an ghné sin.

(12)

**B. Tuile**

'Uaireanta is féidir go dtarlódh tuile feadh cúrsa abhann.'

(i) Mínigh slí **amháin** a ndéanann tuile dochar do cheantar.

(ii) Mínigh slí **amháin** inar féidir le tuile maitheas a dhéanamh do cheantar.

(8)

**C. Idirghníomhaíocht an Duine leis an Tírdhreach**

(i) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cumhacht hidrileictreach.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** agóid a d'fhéadfaí a dhéanamh i gcoinne tógáil stáisiúin cumhachta hidrileictrí.

(10)

## Ceist 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA


Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **3A**, **3B**, **3C**, **3D**.

### 3A. Ithir

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an bpróiseas trína scagtar cothaithigh trí ithir?

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál ithreach ar bith de chuid na hÉireann.

(iii) Tabhair cur síos agus míniú ar fhoirmiú ceann **amháin** de na cineálacha ithreach a d'ainmnigh tú i gcuid (ii) thuas.




Curtha in oiriúint ó www.pac-geography.com

(10)

### 3B. Domhan Éagothrom

Na Sé Tíortha is mó a fuair Cúnamh Déthaobhach ó Éirinn in 2015

| Tír a fuair Cúnamh | € (milliúin) |
|---|---|
| Mósaimbíc | 37.0 |
| An Aetóip | 35.2 |
| An Tansáin | 28.7 |
| Uganda | 23.3 |
| An Mhaláiv | **X** |
| An tSaimbia | 17.5 |
| **Iomlán** (na 6 tíortha is mó a fuair cúnamh) | **161.7** |

Curtha in oiriúint ó www.irishaid.ie

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann na sé tíortha is mó a fuair cúnamh déthaobhach ó Éirinn in 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéid cúnaimh dhéthaobhaigh (milliúin €) a fuair Uganda?

(ii) Ríomh **X**, an méid cúnaimh dhéthaobhaigh (milliúin €) a fuair an Mhaláiv.

(iii) Luaigh cad is brí leis an téarma *cúnamh déthaobhach*.

(iv) Mínigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann le cúnaimh do thíortha sa domhan i mbéal forbartha.

(10)

**3C. Forbairt Gheilleagrach**


Mínigh an tslí ar chuir **dhá** chinn ar bith de na tosca a leanas moill ar fhorbairt gheilleagrach i dtír i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi:

- Athrú aeráide
- Fás daonra
- Caiteachas ar airm
- Cogadh.

(10)

**3D. An Daonra**

Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh




Curtha in oiriúint ó www.adviservoice.com.au

Taispeánann Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh thuas athrú sa daonra le himeacht aimsire.

(i) Luaigh **dhá** chúis a bhfuil an ráta báis ag luainiú i gCéim 1.

(ii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil an daonra iomlán ag ardú go tapa i gCéim 2.


(iii) Mínigh cúis **amháin** a bhfuil na rátaí báis ag laghdú i gCéim 4.

(iv) Ainmnigh sampla **amháin** de thír ag Céim 4 i Samhail an Trasdula Dhéimeagrafaigh.

(10)

**Ceist 4. AIMSIR AGUS AERÁID**

**A. Fliuchras**




(i) Ainmnigh an cineál fliuchrais a luaitear leis an léaráid thuas.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar an tslí a dtarlaíonn an cineál seo fliuchrais.

(8)

**B. Aeráid**

Mínigh an tslí a dtéann **trí** cinn ar bith de na tosca seo a leanas i bhfeidhm ar aeráid:

- Domhanleithead
- Gnáthghaoth
- Fad ó fharraigí agus ó aigéin
- Airde
- Rilíf.

(12)

**C. Cineál Aeráide**

(i) Ainmnigh aeráid **the** amháin a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar thréithe teochta **agus** frasaíochta na haeráide te seo.

(10)

**Ceist 5. AERFÓTAGRAF AGUS LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

**A**. Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- An abhainn
- Séipéal
- Limistéar caitheamh aimsire
- Limistéar ina bhfuil tithe sraithe.

(10)

**B.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tá sé beartaithe óstán a thógáil sa tulra ar dheis san aerfótagraf.

Mínigh **dhá** chúis a mbeadh sé seo oiriúnach mar shuíomh d'óstán.

(8)

**C.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

'Tá stair fhada lonnaíochta ag an limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.'

Agus tagairtí eangaí sé fhigiúr á n-úsáid agat, ainmnigh, aimsigh agus mínigh **trí** shampla dhifriúla ar bith de lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar an léarscáil.

(12)

**Leathanach Bán**